

## Údarás na Gaeltachta: Athbhreithniú 2017

**Lánchosc (ag áireamh na Meáin Shóisialta): 29 Eanáir 2018 - 7.00r.n.**

**Ráiteas eisithe ag Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach, agus Mícheál Ó hÉanaigh, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta**

- **630 post nua cruthaithe in 2017**
- **Méadú ar an mbonn fostaíochta cúig bliana i ndiaidh a chéile**
- **Glanmhéadú de 155 post lánaimseartha in 2017**
- **7,503 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana**
- **25 gnó nua tosaithe le 57 duine fostaithe iontu in 2017**
- **Tograí nua ceadaithe ina gcruthófar os cionn 471 post, le hinfheistíocht €28m**
- **Na chéad 3 phlean teanga Gaeltachta ceadaithe & 5 phlean teanga eile réitithe**
- **Tús curtha le forbairt Gréasán Digiteach na Gaeltachta**
- **Straitéis Nua na hEagraíochta 2018 – 2020 dírithe ar An Ghaeilge, Nuálaíocht & Fostaíocht**

### **Súil Siar ar 2017**

Cruthaíodh 630 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2017. Bhí glanmhéadú ann de 155 post ar an mbliain roimhe sin, rud a chiallaíonn go raibh 7,503 post lánaimseartha agus 606 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana. Tá ardú leanúnach bliantúil tagtha ar an mbonn fostaíochta sa Ghaeltacht le cúig bhliana anuas agus comhlachtaí Gaeltachta ag cur lena seasmhacht. Bliain stairiúil ó thaobh na pleanála teanga a bhí in 2017, nuair a fóraíodh dúthracht agus iarrachtaí na bpobal Gaeltachta le ceadú na gcéad trí phlean teanga agus tá cúig Phlean Teanga eile curtha faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ag an tráth seo.

### **Fostaíocht sa Ghaeltacht**

Bhí ardú sa bhfostaíocht a dtacaíonn Údarás na Gaeltachta léi i ngach contae Gaeltachta in 2017. Is é seo an chéad uair ó 1996 a tharla sé go raibh ardú i ngach contae i mbliain amháin. Tá téarnamh áirithe le feiceáil i gcúrsaí fostaíochta i gceantair Ghaeltachta ach tá dúshlán shuntasacha fós le sárú i riar ceantar mar a rinneadh tuairisciú air i rith na bliana. Tá sé léirithe ag an Údarás an dul chun cinn maith gur féidir a bhaint amach ar mhéaduithe beaga buiséid agus creideann an tÚdarás go bhfuil na straitéisí cuí againn chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh sna blianta beaga seo romhainn ach na buiséid chuí a bheith ar fáil.

Seasmhacht fostaíochta le méaduithe beaga a bhí le feiceáil i ngach contae seachas Dún na nGall ina raibh méadú suntasach de 103 post in 2017. Tá fócas sonrath curtha ag Údarás na Gaeltachta ar Thír Chonaill le cúpla bliain anuas de bharr an líon ard post a cailleadh sa gcontae in 2014 agus den chuid is mó tá toradh na hinfheistíochta sin le brath anois in áiteanna éagsúla sa gcontae. Tá 242 post breise ar an talamh sa gcontae le trí bliana anuas agus comhlachtaí i nDún na nGall fós ag earcú daoine faoi láthair.

Go ginearálta, is ábhar misnigh é go bhfuil an bonn fostaíochta i gcomhlachtaí Gaeltachta anois ag leibhéal seasmhach agus ag an leibhéal is airde ó 2008. Is é seo an cúigiú bliain as a chéile go bhfuil ardú tagtha ar an mbonn fostaíochta sa nGaeltacht, áit a raibh ceithre bliana de laghduithe roimhe sin. Thosaigh 25 gnó as an nua sa nGaeltacht le linn na bliana agus bhí os cionn leathchéad duine fostaithe sna gnóthaí sin ag deireadh na bliana.

Is sna hearnálacha Bia & Dí, Seirbhísí, Déantúis Feistí Leighis agus Déantúsaíochta Traidisiúnta a léiríodh na méaduithe fostaíochta is mó i rith na bliana, cé nár sheachain na hearnálacha seo laghduithe sa bhfostaíocht ach oiread. Chonacthas na laghduithe is mó fostaíochta in earnáil na scannánaíochta/teilifíse, feirmeoireachta/próiseála éisc agus próiseála sonraí.

Tá tionchar suntasach eacnamaíoch ag cliantchomhlachtaí an Údaráis ar gheilleagar na Gaeltachta agus na tíre. De réir taighde ABSEI a rinneadh in 2017, meastar go raibh díolachan iomlán de €844m á dhéanamh ag na cliantchomhlachtaí an bhliain roimhe sin chomh maith le caiteachas díreach de €425m i ngeilleagar na hÉireann. Léiríonn sé seo go bhfuil luach maith á fháil ar infheistíocht an Stáit i gcruthú fostaíochta sa nGaeltacht. Lean an tÚdarás le roinnt infheistíochtaí caipitil straitéiseacha in áiseanna infreastruchtúir i rith 2017 chun réimsí dár bpunann maoinne a thabhairt chun caighdeán a chabhróidh le tograí agus fostaíocht nua a mhealladh amach anseo.

Dúirt **Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Mícheál Ó hÉanaigh**, “Tá muid thar a bheith sásta leis an leibhéal post a cruthaíodh i mbliana i gcomhthéacs ár n-acmhainní reatha agus gur éirigh linn an glanmhéadú post a bhí againn mórán a dhúbailt ó anuraidh. Is mór an t-ugach dúinn é go bhfuil rath ar ár straitéis forbartha agus ár spriocanna fostaíochta á sárú againn. Beidh straitéis nua na heagraíochta á cur i bhfeidhm againn as seo go ceann trí bliana agus an-áthas orainn cur le dea-thorthaí na heagraíochta agus dá bhrí sin le forbairt inmharthana na Gaeltachta. Fáiltíonn muid i gcónaí roimh ghnóthaí nua, mór agus beag araon, agus cuirfidh a leithéid le bonn fiontraíochta láidir sna ceantair tuaithe Ghaeltachta.”

Thagair an Príomhfheidhmeannach do spiorad agus dúthracht na bpobal Gaeltachta freisin “Tá na Gaeltachtaí ag tráth cinniúnach faoi láthair, áit a bhfuil dúshlán shuntasacha teanga agus socheacnamaíochta le sárú acu agus tá Údarás na Gaeltachta sásta go bhfuil na straitéisí cuí againn chun an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as an téarnamh eacnamaíoch náisiúnta atá á thuar ach na hacmhainní cuí a bheith ar fáil chun ceadú do cheantair Ghaeltachta fás, forbairt agus bláthú mar phobail bhríomhara teanga. Beidh béim mhór againn sna blianta atá romhainn ar fhorbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha agus daonna na Gaeltachta ar fad chun tairbhe na bpobal ar a bhfuil muid ag freastal.”

Dúirt **Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Joe McHugh TD** “Is scéal an dearfach don Ghaeltacht na torthaí atá fógartha ag

Údarás na Gaeltachta inniu. Díol suntais agus dóchais é go bhfuil leibhéal fostaíochta seasmhach le sonrú sna torthaí agus go bhfuil borradh le sonrú ann - le 25 comhlacht nua tar éis dul i mbun gnó le cúnamh an Údaráis in 2017 agus 57 post cruthaithe dá réir. Le ceapadh bhord nua an Údaráis le gairid táim cinnte go mbeidh gach iarracht ar bun chun go leanfar leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Údarás i gcaitheamh an ama mar a bhaineann sé leis an gclár oibre atá idir lámha acu.

Tréaslaím le pobail na Gaeltachta agus leis an Údarás as an obair mhór atá curtha i gcrích acu maidir leis an phróiseas pleanála teanga sa bhliain atá caite. Is obair fíor-thábhachtach í seo i gcomhthéacs aidhmeanna na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge mar a bhaineann sí leis an Ghaeltacht. Tá lúcháir orm gur éirigh leis an Údarás a chinntiú in 2017 go bhfuil an próiseas idir lámha i ngach ceann den 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (LPT) agus go bhfuil tosaíocht chuí tugtha dó i gcaitheamh na huaire.”

### **Tionchar eacnamaíoch chliantchomhlachtaí an Údaráis**

Déanann cliantchomhlachtaí an Údaráis €425 milliún de chaiteachas díreach i ngeilleagar na tíre seo ar phárolla, ar sheirbhísí agus ar cheannach ábhar. D’íoc na cliantchomhlachtaí párolla €181 milliún, le €41,000 mar mheánphá an fhostaí sna comhlachtaí a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaíthe iontu, in 2016. Tagann na figiúirí seo ó thaighde ABSEI a rinneadh in 2017, a léirigh go raibh díolachán iomlán €844 milliún ag cliantchomhlachtaí an Údaráis an bhliain roimhe sin. Cúrsaí easpórtála atá i gceist le €502 milliún den díolachán, sin cóimheas 60% idir easpórtáil agus díolachán. Tá sé suntasach gur san earnáil Bia & Dí is mó a dhéantar díolachán, le 20% den iomlán, agus go gcuirtear 40% de dhíolacháin Táirgí Leighis go dtí an Áis.

### **471 post nua ceadaithe don Ghaeltacht in 2017**

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua ina gcruthófar 471 post agus ina ndéanfar infheistíocht iomlán mheasta de €28 milliún, de réir mar a dhéantar forbairt orthu sna cúpla bliain amach romhainn. Is do thograí i gContaetha na Gaillimhe, Dhún na nGall agus Chorcaí is mó a ceadaíodh poist i rith 2017, le ceadanna suntasacha i gContaetha Chiarraí agus Mhaigh Eo chomh maith. Tá sé le tabhairt faoi deara gur comhlachtaí sna hearnálacha feistí leighis, bia, seirbhísí agus saindeántúsaíochta atá ag dul i mbun fáis agus forbartha.

### **Scéimeanna Sóisialta Fostaíochta**

Bhí ardú de 72 duine ar líon na rannpháirtithe ar Scéimeanna Sóisialta Fostaíochta sa nGaeltacht i rith 2017, le 1,048 rannpháirtí agus 50 saoise fostaíthe ar fud na Gaeltachta. Thosaigh 412 rannpháirtí nua ar na scéimeanna in 2017 agus chríochnaigh 340 rannpháirtí a dtréimhsí ar scéimeanna. Tá ról agus tionchar tábhachtach ag na scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá á mbainistiú ag an Údarás, ag cur taithí oibre agus oiliúint ar fáil do phobal na Gaeltachta.

### **Dúshláin an Bhreathimeachta agus polasaithe idirnáisiúnta**

Ní féidir a shéanadh ach go bhféadfaí gurb é an Breathimeacht ceann de na dúshláin is mó a bheidh le sárú ag comhlachtaí Gaeltachta sna blianta atá romhainn. Meastar go ginearálta agus sonraí á soiléiriú de réir a chéile go mbeidh tionchar éigin ag an mórathrú polaitiúil seo ar gach gnó agus saoránach ar an oileán seo. De ghnáth, is é margadh na Ríochta Aontaithe an chéad chéim easpórtála d’aon chomhlacht a bheadh ag dul i mbun easpórtála don chéad

uair. De réir taighde uasdátaithe ABSEI na bliana seo, tá beagnach 30% de dhíolachán easpórtála ár gcliantchomhlachtaí, a bhfuil luach €147 milliún air, á dhéanamh sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach araon. Tá impleachtaí anseo do chostais reatha na gcomhlachtaí, le suas le 60% de bhunábhar na gcliantchomhlachtaí á iompórtáil ar luach €227m.

Tá go leor oibre curtha i gcrích ag Údarás na Gaeltachta as féin agus go díreach leis na cliantchomhlachtaí is mó a mbeidh tionchar ag an mBreatimeacht orthu lena chinntiú go bhfuil siad ag pleanáil go straitéiseach agus go bhfuil a ngnó chomh hiomaíoch agus barainneach agus is féidir. Tá an tÚdarás ag comhoibriú le gníomhaireachtaí Stáit eile i gcur chuige comhordaithe maidir le gnóthaí idirnáisiúnta in 2018 agus leanfar leis an scéim tacaíochta & comhairleoireachta 'Bí Réidh', atá á riaradh ag an Údarás dá chliantchomhlachtaí. Is in Earraí Adhmaid (23%), Páipéar (16%), Miotal Bunúsach & Déanta (13%), agus Bia/Deoch (12%), atá formhór na heaspórtála chuig an Ríocht Aontaithe á déanamh ag cliantchomhlachtaí an Údaráis agus is Earraí Mara, Bia/Deoch, Ábhair Ríomhairí agus Fearais Leighis is mó atá á n-easpórtáil chun an Aontais Eorpaigh. Déanann cliantchomhlachtaí an Údaráis díolachán suntasach (25% de dhíolachán easpórtála) i Meiriceá Thuaidh chomh maith ar chóir a bheith airdeallach faoi agus an tionchar a bheadh ag aon athruithe polaitiúla agus polasaithe air á mheas.

### **Gníomhaíochtaí Pleanála Teanga**

Bhí gníomhaíochtaí pleanála teanga ar siúl i ngach ceann de na 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) don chéad uair i rith 2017. Le cois na 18 bpobal a bhí i mbun na pleanála teanga ag tús na bliana, cuireadh tús le próiseas ullmhúcháin pleananna in cúig LPT agus in aon Bhaile Seirbhíse Gaeltachta amháin i rith na bliana. Sin iad LPT Chléire, LPT Mhaigh Eo Thiar, LPT Na Rosann, LPT Mhaigh Cuilinn agus LPT Na Gaeltachta Láir. Cuireadh tús le próiseas ullmhúcháin plean teanga do Dhaingean Uí Chúis, atá liostaithe mar cheann de na 16 bhaile a d'fhéadfadh aitheantas a bhaint amach mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ach plean teanga a bheith aontaithe do na bailte sin.

Eagraíodh sraith cruinnithe poiblí sna trí LPT atá timpeall ar Chathair na Gaillimhe, ar ar fhreastail líon mór daoine orthu, agus rinneadh fógra maidir leis na ceantair sin ag cur fáilte roimh iarratais ó cheanneagraíochtaí chun tabhairt faoi phleananna teanga a réiteach do na trí LPT. Tá meastóireacht ar na hiarratais sin curtha i gcrích agus cuirfear moladh faoi bhráid Bhord an Údaráis go gairid chun cead a fháil bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas.

Tionóladh ócáid stairiúil in Amharclann Ghaoth Dobhair i rith na bliana, áit ar fhógair Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Joe Mc Hugh, TD, go raibh na chéad trí phlean teanga a réitíodh faoin bpróiseas ceadaithe. Is iad sin pleananna teanga do LPT Iar-Thuaisceart Dhún na nGall, LPT Chois Fharráige agus LPT Chloich Cheann Fhaola. Cuireadh cúig Phlean Teanga eile: LPT Na nDéise, LPT Mhúscraí, LPT Na Ceathrún Rua, LPT Dhúiche Sheoigheach/Thuar Mhic Éadaigh agus LPT Chiarraí Theas faoi bhráid na Roinne i rith na bliana. Táthar ag súil go gceadófar na pleananna seo ar fad sa chéad ráithe de 2018. I bhfianaise an dul chun cinn suntasach atá á dhéanamh i réiteach pleananna teanga cuireadh in iúl don eagraíocht go raibh méadú ag

teacht ar bhuiséad pleanála teanga an Údaráis chun tús a chuir le feidhmiú na bpleananna teanga.

Dúirt **Cathaoirleach an Údaráis, Anna Ní Ghallachair**, “Is cúis dóchais agus spreagadh dúinn ar fad an dúthracht atá caite ag pobail na Gaeltachta le réiteach pleananna teanga dá gceantar, obair atá fós ag leanúint ar aghaidh i gcuid mhaith limistéar. Is in 2018 a shroichfear an chéim is dúshlánaí den phróiseas, is é sin feidhmiú na bpleananna in sna pobail agus ag cur dlús le céimeanna a chuideoidh lena chinntiú gurb í an Ghaeilge a bheidh mar ghnáththeanga phobail ar fud na Gaeltachta sna blianta atá amach romhainn.”

Lena chois sin, dúirt sí, “Tá forbairt inmharthana na Gaeltachta, na n-oileán Gaeltachta agus dá réir sin cothú pobail bhríomhair teanga mar phríomhchuspóir agus fócas ag Údarás na Gaeltachta agus beidh sé seo mar threoir againn maidir lenár bpolasaithe agus ár gcinntí ar fad sna cúig bhliana atá amach romhainn.”

### **Gréasán Digiteach na Gaeltachta**

D’oscail Údarás na Gaeltachta Moil Dhigiteacha agus Nuálaíochta i nGaoth Dobhair agus i mBéal an Mhuirthead i rith 2017 chomh maith le mol digiteach i gcomhar le páirtithe eile i nDaingean Uí Chúis. Tá na moil mar chuid de straitéis an Údaráis Gréasán Digiteach na Gaeltachta a bhunú. Beidh Moil Dhigiteacha á bhforbairt i 30 ionad ar fud na Gaeltachta, san áireamh seacht n-oileán Gaeltachta agus sé oileán Galltachta chun tacú le inmharthanacht na bpobal. Aonaid nuálaíochta ag cur spás oifige le ceangal idirlín d’ardchaighdeán chomh maith le háiseanna gorlann gnó agus nuálaíochta a bheidh i gceist.

### **Dearcadh i dtreo 2020**

Tá dhá bhunphrionsabal i straitéis an Údaráis don tréimhse trí bliana 2018 – 2020: Caomhnú agus neartú na Gaeilge agus forbairt Nuálaíochta agus cruthú Fostaíochta. Is iad na prionsabail seo croílár straitéis na heagraíochta. Déanfar gach iarracht na cúinsí cuí a chruthú, ionas go mbeidh an Ghaeltacht mar áit ina mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail ann agus áit a mheallfaidh an gnáthphobal, fiontraíthe agus cuairteoirí araon chun cónaí, maireachtáil agus oibriú ann.

Chuige sin caithfear tacú le hacmhainní teanga, pobail agus cultúrtha agus forbairt á dhéanamh orthu, nuálaíocht a chothú agus fiontraíocht a mhéadú. Díreofar ar chláir agus tionscadail taighde chun an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a chothú mar chodanna dílse den chlár forbartha. Creideann an tÚdarás go bhfuil deiseanna suntasacha anseo do na ceantair Ghaeltachta ar fad, ach na hacmhainní cuí a bheith ar fáil chun an straitéis a chur i bhfeidhm ina iomláine.

Díreoidh **Fóram Fiontraíochta Ghaoth Dobhair**, atá ag teacht chun críche, agus **Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh** atá ina thús, ar fhorbairt na fiontraíochta agus deiseanna fostaíochta a mhéadú agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní ar fad atá sna ceantair sin.

Bunaíodh **Fóram Fiontraíochta Ghaeltacht na Mí** ag deireadh 2017 chun fócas nua a chur ar na deiseanna forbartha fiontraíochta atá sa gceantar seo agus leas a bhaint as a ngaireacht do Bhaile Átha Cliath.

Leanfar le feidhmiú an **Phróisis Pleanála Teanga** le dúthracht agus cuirfear gach tacaíocht gur féidir ar fáil do na pobail a bheidh ag staideanna éagsúla den phróiseas le Pleananna Teanga a réiteach nó a fheidhmiú ina gceantar. Is tréimhse fíorthábhachtach í seo, ní don phleanáil teanga amháin ach don Ghaeilge mar ghnáththeanga laethúil na bpobal Gaeltachta.

Beidh ról fíorthábhachtach i straitéis na heagraíochta ag **Gréasán Digiteach na Gaeltachta** a bheidh ag soláthar 30 aonad nuálaíochta le ceangal leathanbhanda ardluais a thabharfaidh deis do chomhlachtaí nua teicneolaíochta tosú amach nó lonnú sna ceantair tuaithe a chuimsíonn na Gaeltachtaí. Tabharfaidh na forbairtí seo deis do phobal na Gaeltachta fillleadh uirthi nó fanacht ina gceantar féin trí dheiseanna cianoibre ag oifigí nó deasca sealaíochta sna moil chéanna. Dá bhrí sin, beidh togra **Diaspóra na Gaeltachta** ina ghné shuntasach de straitéis an Údaráis chun pobal na Gaeltachta atá ar imirce thar lear nó atá scaipthe ar fud na tíre a mhealladh ar ais chun na Gaeltachta, le pobail bhríomhara teanga agus cultúir a chothú. Táthar ag súil gur féidir na deiseanna fostaíochta, maireachtála, sóisialta, teanga agus cultúir atá ar fáil sna ceantair Ghaeltachta a chur ar a súile dóibh chomh maith le gach eolas, comhairle agus tacaíocht gur féidir a chur ar fáil dóibh ar an rogha aistriú abhaile.

Tá forbairt tograí fuinnimh inathnuaite, acmhainní nádúrtha agus fiontair atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha lárnach i straitéis na heagraíochta. Tá an obair phleanála do **Pháirc na Mara**, páirc nuálaíochta mara i gCill Chiaráin i gConamara tosaithe agus táimid ag tabhairt aghaidh go fonnmhar ar an togra straitéiseach mara seo, áit a mbeidh gníomhaíocht taighde agus tráchtála araon ann. Tá Údarás na Gaeltachta tar éis páirtithe straitéiseacha a thabhairt le chéile chun pleananna a chur i dtoll a chéile ar bhun comhoibríoch, a chuirfidh ar chumas Údarás na Gaeltachta páirc nuálaíochta muirí chomhaimseartha a fhorbairt, chun fás san earnáil a chur chun cinn agus chun fás eacnamaíoch sa gceantar a chumasú, agus dá réir sin, fostaíocht tháirgiúil a chur ar fáil do ghlúnta amach anseo sa gceantar Gaeltachta tuaithe seo. Samhlaítear go mbeidh forbairt Pháirc na Mara ina chumasóir tábhachtach i leith fhorbairt an tionscail mhuirí ina iomláine, ní amháin i gCill Chiaráin agus i gConamara ach ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta freisin.

Tá sé mar fhís ag an Údarás *'go ndéanfar forbairt ar an nGaeltacht mar cheann scríbe turasóireachta atá aitheanta go hidirnáisiúnta mar cheantar uathúil ina ndéantar ceiliúradh agus forbairt ar acmhainn nádúrtha na teanga, an chultúir, na timpeallachta agus na hoidhreacht.'* Chuige sin, go luath in 2018 fógróidh an tÚdarás na tograí straitéiseacha turasóireachta a gheobhaidh tacaíocht tríd an **Scéim Forbartha Bainistíochta Turasóireachta**, tionscnamh chun tacú le forbairt bainistíochta i dtograí straitéiseacha turasóireachta, a fheidhmeoidh ar bhun píolótach ar feadh tréimhse dhá bhliain.

Is í aidhm Údarás na Gaeltachta ná an Ghaeilge a chaomhnú agus a neartú tríd is tríd ó thaobh fhorbairt na Gaeltachta de agus pobail Ghaeltachta fhéinmhuiníneacha, inbhuanaithe a spreagadh agus a neartú. Tá freagrachtaí agus dualgais straitéiseacha ar

Údarás na Gaeltachta don Ghaeltacht agus tá cur chuige comhtháite aige i leith fhorbairt na Gaeltachta. Tá an tÚdarás in áit uathúil le ról ceannaireachta a ghlacadh i bhforbairt agus i leathnú na Gaeilge mar theanga phobail agus i bhforbairt chomhtháite eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta de réir na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dó.

## **ATHBHREITHNIÚ DE RÉIR CEANTAIR GHAELTACHTA**

### **Gaeltacht Dhún na nGall**

In 2017 cruthaíodh 243 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall. Nuair a chuirtear an líon post a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú de 103 post i gceist, rud a chiallaigh go raibh 2,193 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana, an líon is airde post ó 2009. In ainneoin gur buaileadh buille trom ar cheantar Ghaoth Dobhair ag deireadh na bliana le dúnadh SLM Ceangal Éire Teo., is ábhar dóchais do cheantair Ghaeltachta an chontae é go bhfuil 242 post nua ag feidhmiú le tacaíocht an Údaráis le trí bliana anuas agus píblíne sláintiúil tograí ann freisin, de bharr an fhócais a cuireadh ar an gcontae le roinnt blianta anuas.

I measc na gcomhlachtaí ar fud Ghaeltacht Dhún na nGall inar cruthaíodh poist in 2017 bhí Arán Ard Teo, Ard an Rátha; R.A. Pacáistí Teo, VHI, Meastóirí Domhanda, Kombucha Éireannach Teo. agus Fáisc Miotail Teo, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair; Bá Dhún na nGall Teo., Oileán Glas Teo agus Cuan Tamhnaigh Teo., Cill Charthaigh; Cora Tine Teo., Fál Carrach; agus Radox Teo agus Ostre' an Teo., An Clochán Liath. Mar is léir anseo bhí méaduithe post i réimse leathan earnálacha agus i gcomhlachtaí de mhéideanna éagsúla.

### Tograí Nua

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua do Ghaeltacht Thír Chonaill anuraidh a mbeidh 239 post nua á gcruthú iontu agus infheistíocht iomlán de os cionn €14.23 milliún beartaithe nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil. Léiríonn sé seo go bhfuil rath ar iarrachtaí an Údaráis fiontraíocht a spreagadh sa gcontae chomh maith le gnó a mhealladh chuig an gceantar. Is sna réimsí bia, mara agus seirbhísí atá formhór na gceadanna ina gcruthófar poist.

Cuireadh tús le 6 ghnó nua i nGaeltacht Dhún na nGall le tacaíocht an Údaráis in 2017 agus bhí 7 fostaithe sna gnóanna sin faoi dheireadh na bliana.

### Plean Gníomhaíochta an Fhóraithe Fhorbartha Fhiontraíochta

D'fhógair an tÚdarás an plean gníomhaíochta, Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, in 2015, plean atá dírithe ar bhorradh a chur faoi chúrsaí fostaíochta agus fiontraíochta in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Thug an tÚdarás le fios go bhfuil sé mar sprioc aige tacú le 300 post nua a chruthú agus infheistíocht €4.7 milliún a dhéanamh ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair thar thréimhse trí bliana (2015 – 2017). Tiocfaidh thréimhse feidhmiúcháin an Fhóraithe Fhorbartha Fhiontraíochta chun críche i lá mhí na Márta agus

beidh tuairisc dheiridh an Fhóiraim Forbartha Fiontraíochta á fhoilsiú roimh thús an tsamhraidh.

### Clár LEADER

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta tacaíocht deontais de luach €113,276 ina iomláine do 13 togra faoi Chlár LEADER i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh 2017. Cheadaítear an tsraith deontas do ghrúpaí éagsúla agus daoine aonair agus tá suas le 75% de chostas na dtograí ceadaithe faoin gClár LEADER. Nuair a chuirtear an sciar áitiúil san áireamh beidh infheistíocht iomlán de €154,726 i gceist agus cuirfeadh feabhas ar áiseanna pobail, áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire i bhformhór na dtograí.

Is iad seo na chéad tograí atá ag staid an chomhaontaithe agus tá dhá thogra eile ceadaithe ag LCDC Dhún na nGall a mbeidh tacaíocht de os cionn €50,000 ag baint leo agus infheistíocht iomlán de €62,736.

Tá Údarás na Gaeltachta ar cheann de cheithre comhpháirtí faoi Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Dhún na nGall atá freagrach ar son an nGrúpa Forbartha Áitiúil (LAG) as riaradh agus feidhmiú Chlár LEADER i nGaeltacht Dhún na nGall (seachas ar na hoileáin Ghaeltachta, atá faoi chúram Chomhar na nOileán).

### Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 331 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana le 133 ar an Scéim Sóisialta Tuaithe, 12 ar Tús Nua, 107 ar an Scéim Fostaíochta Pobail agus 79 ar Scéim TÚS. Tá na scéimeanna á mbainistiú ag 14 Saoiste agus á riaradh ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### Scéim na gComharchumann agus Comhlachtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €556,000 ar fáil do naoi n-eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2017 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Tá socrúithe curtha i gcrích le heagraíocht forbartha pobail a bhunú i mBaile na Finne, a gheobhaidh maoiniú faoin scéim seo agus a bheidh á bhunú go luath in 2018.

### Pleanáil Teanga

Le linn 2017 bhí gach Limistéar Pleanála Teanga i gceantar Gaeltachta Thír Chonaill i mbun na pleanála teanga. Cheadaíodh Plean Teanga do dhá Limistéar Pleanála Teanga, is iad sin LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Lúir agus LPT Chloich Cheann Fhaola (Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh). Tá socrúithe á ndéanamh leis an dá Cheanneagraíocht faoi láthair chun cur ar a gcumas na pleananna teanga a fheidhmiú sna LPT cuí.

Cuireadh tús le réiteach pleananna teanga i LPT Na Rosann agus i LPT na Gaeltachta Láir le linn na bliana agus leanfar ar aghaidh leis an obair atá idir lámha in ullmhúchán pleananna teanga sna ceithre LPT eile, is iad sin LPT Thuaisceart Dhún na nGall, LPT Thoraigh, LPT



Árainn Mhóir agus LPT Dhún na nGall Theas. Táthar ag súil go mbeidh na pleananna teanga as na ceithre LPT sin réidh le cur faoi bhráid na Roinne sa dara agus sa tríú ráithe den bhliain seo.

Táthar ag súil go ndéanfar fógra i dtaca le Baile Seirbhíse Gaeltachta An Chlocháin Léth go luath in 2018.

## **Gaeltacht Mhaigh Eo**

Cruthaíodh 60 post nua i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2017. Bhí glanmhéadú de 8 bpost ann ar an mbliain roimhe sin a chiallaigh go bhfuil 648 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana.

Bunaíodh 4 chomhlacht nua i nGaeltacht Mhaigh Eo le linn na bliana le tacaíocht Údarás na Gaeltachta agus bhí 10 fostaithe sna comhlachtaí nua seo ag deireadh na bliana. Cruthaíodh poist nua i roinnt comhlachtaí ar nós Crannchur Cliste Teo i nGaoth Sáile; Cow Comforts Ltd. agus BÁCÚS Uí Dhonnchadha Teo. i mBéal an Mhuirthead; Idoman Teo. i dTuar Mhic Éadaigh; Bioshell Teo. i bPort Durlainne; Struttech Technology agus Sciana Mara Teo. i mBun an Churraigh.

I rith 2017 cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta tograí nua ina mbeidh 53 post ag teacht chun cinn i nGaeltacht Mhaigh Eo amach anseo, i gcomhlachtaí atá ann cheana féin agus i gcomhlachtaí nua atá á mbunú. Tá infheistíocht iomlán €2.47 milliún beartaithe sna tograí seo nuair a bheidh siad faoi lán seoil.

### Oscailt Oifigiúil Mol Digiteach GTeic @Béal an Mhuirthead

Is é an tAire do Ghnóthaí Forbartha Tuaithe agus Pobail, Michael Ring, TD, a d'oscail an mol nuálaíochta agus digiteach nua ar ardchaighdeán i mBéal an Mhuirthead i nGaeltacht Mhaigh Eo ar an 29 Meán Fómhair 2017. Tá forbairt na mol ina cuid de straitéis Údarás na Gaeltachta 'Gréasán Moil GTeic na Gaeltachta' ina mbunófar 30 mol nuálaíochta agus digiteach ar fud na gceantar Gaeltachta ar fad.

Tá infheistíocht shuntasach de suas le €200,000 déanta ag Údarás na Gaeltachta i bhforbairt GTeic @Béal an Mhuirthead, a mbeidh ceangal snáithín optach de 100MB ann le tosú agus cumas méadaithe aige. Cuirfidh Mol GTeic @Béal an Mhuirthead spás solúbtha oibre ar fáil do suas le 60 duine le n-oibriú ann, a mhéadóidh go dtí suas le 75 duine go luath in 2018 nuair a bheidh spás breise do Chianoibrithe agus Deasca Sealáíochta ar fáil.

Cuimsíonn an spás nuafhorbartha 700 méadar cearnach, 14 spás oifige gur féidir a mhéadú nó a ísliú de réir mar a athraíonn riachtanais an ionaid agus gnónna ag lonnú agus ag fás ann. Cuideoidh an mol le bhorradh iontach a chur faoi iarthuaisceart Mhaigh Eo, áit a mbeidh deis ag gnónna nua nó atá ag tosú amach lonnú. Agus, thairis sin, tabharfaidh sé deis do dhaoine ón gceantar teacht ar ais agus formhór a seachtain oibre, nó cuid di, a chaitheamh ag cianoibriú ón mol ar scála náisiúnta nó domhanda. Is mór an tacaíocht le pobail inbhuanaithe tuaithe a chothú a bheidh ina leithéid.

### Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 242 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú ag 12 Saoiste agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### Pleanáil Teanga

Le linn 2017, bhí dhá Cheanneagraíocht ag staideanna éagsúla in ullmhúchán pleananna teanga dá Limistéir Pleanála Teanga (LPT) i nGaeltacht Mhaigh Eo (LPT Mhaigh Eo Thuaidh & LPT Mhaigh Eo Thiar). Tá Gaeilge Iorrais, atá faoi chúram Chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo., ag cur bailchríoch ar an bplean teanga do LPT Mhaigh Eo Thuaidh faoi láthair agus táthar ag súil an plean a chur faoi bhráid na Roinne faoi mhí an Mhárta 2018. Chuaigh Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla Teo. i mbun oibre le plean teanga a ullmhú do LPT Mhaigh Eo Thiar le linn na bliana.

Táthar ag súil go ndéanfar fógra i dtaca le Baile Seirbhíse Gaeltachta Bhéal an Mhuirthead le linn 2018.

## **Gaeltacht na Gaillimhe**

Cruthaíodh 211 post le tacaíocht Údarás na Gaeltachta i gContae na Gaillimhe in 2017. Chiallaigh an líon cruthaithe post seo go raibh seasmhacht sa bhfostaíocht sa gContae i 2017 agus go raibh os cionn 3,000 fostaithe - 2,933 post lánaimseartha agus 177 post páirtaimseartha - i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, glanmhéadú de phost amháin a bhí sa gcontae ar an mbliain roimhe.

Cruthaíodh poist nua i rith na bliana i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú i réimse leathan earnálacha: feistí leighis, saindéantúsaíocht, seirbhísí agus earnáil na mara, ina measc Aran Biomedical, Cambus Medical Teo., Sidheán Teo., ECC Teo., Oileán Mara Teo., Bradán Beo Teo agus Éire Composites Teo. Bhí laghdú post le sonrú i gcomhlachtaí scannánaíochta agus teilifíse ar tháinig tograí móra scannánaíochta leo chun críche i rith na bliana. Chomh maith bhí roinnt laghduithe post sna hearnálacha próiseála sonraí, bogearraí, ríomhaireachta agus déantúsaíochta.

### Tograí Nua

Chuaigh 5 ghnó nua i mbun oibre i rith na bliana ar fud Ghaeltacht na Gaillimhe, agus bhí 9 duine fostaithe sna gnóanna nua seo ag deireadh na bliana.

Ceadaíodh líon tograí i rith na bliana 2017 ina mbeidh os cionn 76 post á gcruthú agus infheistíocht €4.15 milliún á déanamh iontu nuair atá na forbairtí beartaithe faoi lán seoil. Is sna réimsí táirgí leighis, bia agus déantúsaíochta atá na príomhforbairtí beartaithe.

### Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 368 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana. 171 duine a bhí ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 115 ar an Scéim Sóisialta Tuaithe, 61 ar Scéim Tús agus 21 ar Scéim Tús Nua. I bhfeighil ar na scéimeanna ar fad bhí 18 Saoiste. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### Páirc na Mara

Tógadh céimeanna suntasacha i rith 2017 maidir le pleanáil agus forbairt Pháirc na Mara, páirc nuálaíochta muirí nua atá le forbairt ag Údarás na Gaeltachta i gCill Chiaráin i nGaeltacht na Gaillimhe. Cúis misnigh don Údarás an rath a bhí ar an bpróiseas léirithe spéise a tionóladh i dtreo dheireadh na bliana agus os cionn dosaen de chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí tar éis spéis a léiriú sa bpróiseas. Tá plé, cuairteanna agus comhráití ar siúl go leanúnach maidir le cliaint a d'fhéadfaí a mhealladh ann agus na staidéir timpeallachta éagsúla gur gá a chur i gcrích chun iarratas pleanála a chur le chéile don pháirc. Tá iarratas pleanála déanta cheana féin d'fhoirgneamh oifige tosaí ar an suíomh agus beidh toradh ar an iarratas sin go luath in 2018.

Déanfar Páirc na Mara a fhorbairt mar pháirc nuálaíochta muirí íseal-charbóin ar chaighdeán domhanda agus í suite ar láithreán úrnua ar imeall theas Ghaeltacht Chonamara, thart ar 45 míle siar ó Chathair na Gaillimhe. Tá achar tuairim is 9.01ha sa láithreán ina mbeidh an pháirc nuálaíochta muirí lonnaithe agus cuimseoidh an tsaoráid gníomhaíochtaí éagsúla de chuid an réimse mhuirí agus beidh fiontair de chuid na hearnála táirgiúla, comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí forbartha Stáit agus an pobal taighde ag comhoibriú lena chéile inti d'fhonn breisluach a chur lena dtáirgí agus lena seirbhísí, agus d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar chumas forbartha na hearnála muirí sa réigiún.

Tá Údarás na Gaeltachta tar éis páirtithe straitéiseacha a thabhairt le chéile chun pleananna a chur i dtoll a chéile ar bhonn comhoibríoch a chuirfidh ar chumas Údarás na Gaeltachta páirc nuálaíochta muirí comhaimseartha a fhorbairt chun fás san earnáil a chur chun cinn agus chun fás eacnamaíoch sa gceantar a chumasú, agus dá réir sin fostaíocht tháirgiúil a chur ar fáil do ghlúnta amach anseo i nGaeltacht na Gaillimhe trí chéile.

### Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gConamara

I rith 2017 thug Bord Údarás na Gaeltachta a mbeannacht do chéimeanna éagsúla forbartha ina mbeidh Moil Dhigiteacha sa Spidéal, ar an gCeathrú Rua agus i gCarna mar thoradh orthu. Cheadaigh an Bord soláthar airgid chun dearadh agus iarratas pleanála a chur le chéile do Mhol Digiteach agus Aonad Nuálaíochta a bheidh á fhorbairt ar Pháirc na Meán sa Spidéal. Tá cead pleanála faighte don mhol ina mbeidh 14 oifig éagsúil, chomh maith le deasca sealaíochta agus beidh moladh á chur os comhair an bhoird go luath chun soláthar caipitil a chur ar fáil don tógáil a bhfuiltear ag súil é a bheith curtha i gcrích roimh dheireadh 2018.

Ceadáíodh soláthar caipitil chun mol a fhorbairt i gcomhar le Comharchumann Mhic Dara ar Eastát Tionsclaíochta na Ceathrún Rua agus chun Aonad Fiontraíochta agus Gorrann Ghnó a

fhorbairt ar 100m cearnach den Ionad Fiontraíochta ag Eastát Tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta i gCarna agus táthar ag súil go mbeidh an obair thógála críochnaithe ar na moil seo roimh dheireadh 2018 chomh maith. Tá Gréasán Digiteach na Gaeltachta ag lárnaigh i straitéis na heagraíochta agus beidh sé ag soláthar 30 aonad nuálaíochta le ceangal leathanbhanda ardluais a thabharfaidh deis do phobal na Gaeltachta fillleadh ar, nó fanacht ina gceantar féin trí dheiseanna cianoibrithe ag oifigí nó deasca sealaíochta sna moil chéanna.

### Cúrsaí Turasóireachta

Tá cúrsaí turasóireachta lárnaigh i bhfís Údarás na Gaeltachta do na trí bliana seo romhainn agus táthar ag súil an buntáiste is fearr gur féidir a bhaint as Slí an Atlantaigh Fhiáin do phobail Ghaeltachta na tíre. Cuireadh seisiún éagsúla comhairliúcháin poiblí i gcrích i gConamara agus fógraíodh ag deireadh 2017 go bhfuil rún ag an Údarás an eagraíocht Cósta Chonamara a bhunú arís go luath in 2018. Le tacaíocht mhór an phobail agus na ngnóanna áitiúla, d'éirigh leis an Údarás i gcomhar le Comhairle Ceantar na nOileán oifig turasóireachta a oscailt agus a reáchtáil i gCasla i rith 2017. Chuir an oifig seirbhís eolais ar fáil don líon mór turasóirí a théann thar bráid ar bhóthar an chósta agus beifear ag déanamh athbhreithniú go luath in 2018 ar reáchtáil na hoifige chun socruithe a chur i gcrích don bhliain seo.

Is seoid luachmhar é Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc a dhéanann ceiliúradh ar an nGaeilge, ar shaibhreas cultúrtha na Gaeltachta, ar oidhreacht an cheantair agus ar áilleacht thírdhreach Chonamara. Tá an tIonad mar cheann scríbe tarraingteach le turasóirí a mhealladh chuig ceantar Ros Muc agus chuig Gaeltacht Chonamara ar feadh na mblianta fada amach romhainn. Tá tacaíocht tugtha ag Údarás na Gaeltachta d'Ionad na nImirceach i gCarna atá á thógáil faoi láthair agus a bheidh ina thacaíocht luachmhar chun turasóirí a tharraingt go ceantar Iorras Aintheach.

### Pleanáil Teanga

Tá Gaeltacht na Gaillimhe comhdhéanta de 10 Limistéar Pleanála Teanga. Le linn 2017 ceadaíodh an Plean Teanga atá ullmhaithe ag Fóram Chois Fharráige do LPT Chois Fharráige. Cuireadh dhá phlean teanga eile faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta i mí na Nollag 2017, is iad sin pleananna teanga do LPT Na Ceathrún Rua agus do LPT Dhúiche Sheoigheach & Thuar Mhic Éadaigh. Táthar ag súil go gcuirfear tús le feidhmiú na bpleananna teanga sin nuair atá siad faofa ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta. Rinneadh fógra i leith trí LPT eile: Bearna agus Cnoc na Cathrach, Oirthear Chathair na Gaillimhe agus An tEachréidh agus beidh tús á chur le hullmhú pleananna teanga sna trí Limistéar sin go luath sa mbliain nua. Bhí na ceithre Cheanneagraíocht eile ag staideanna éagsúla in ullmhúchán pleananna teanga dá Limistéar Pleanála Teanga (LPT) i nGaeltacht na Gaillimhe le linn na bliana agus táthar ag súil go mbeidh trí cinn de na pleananna sin réidh agus curtha faoi bhráid na Roinne faoi lár na bliana seo. Fágann sé sin go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas pleanála teanga i ngach LPT as na deich LPT atá i nGaeltacht na Gaillimhe.

## Gaeltacht na Mí

Bhí 219 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana. 8 bpost nua a cruthaíodh i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chontae na Mí i rith 2017. Glanmhéadú de 8 bpost a bhí i gceist, de bharr nach raibh aon phost caillte i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i rith na bliana.

### Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí seolta

Mar thoradh ar chuairt eolais a thug comhaltaí boird ar Ghaeltacht Chontae na Mí i rith 2017, cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta go mbunófaí Fóram Fiontraíochta don cheantar chun taighde agus measúnú a dhéanamh ar dheiseanna forbartha agus fostaíochta. Is é Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Joe McHugh, TD, a sheol an Fóram Fiontraíochta go hoifigiúil i Ráth Chairn i mí na Samhna.

Is í aidhm an ghrúpa gnímh fiontraíochta seo ná fócas nua a thabhairt do bhunú Ráth Chairn/Baile Ghib, ceantar Gaeltachta atá gar do Bhaile Átha Cliath, mar cheantar iomaíoch den scoth do chruthú fostaíochta. Beifear ag súil go ndéanfar:

- Taighde ar na hacmhainní/féidearthachtaí/deiseanna atá sa gceantar faoi láthair trí phlé a dhéanamh le fiontraithe áitiúla, coistí pobail, eagraíochtaí teangabhunaithe agus daoine ábhartha eile;
- Measúnú ar thorthaí an taighde agus moltaí a chur chun cinn ar na bealaí is feiliúnaí le poist nua a chruthú sa gceantar Gaeltachta seo;
- Réimse gníomhaíochtaí tosaíochta a chur le chéile trí straitéis 3 bliana do cheantar Ráth Chairn/Baile Ghib, mar aon le buiséad sonrath chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.

Is cur chuige comhordaithe atá i gceist agus tá glactha ag eagraíochtaí ábhartha leis an gcuireadh a bheith ina mbaill den bhFóram Fiontraíochta. I measc na n-eagraíochtaí atá ag roinnt a gcuid saineolais tá Comhairle Chontae na Mí, SOLAS, Fóram Réigiúnach Scileanna, An tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA), Fiontraíocht Éireann, Ollscoil Mhá Nuad, An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta chomh maith le hionadaithe gnó agus pobail.

Tá suas le sé mhí leagtha amach d'obair an Fhóraithe Fhiontraíochta agus le plean gníomhaíochta trí bliana a dhréachtú do Ghaeltacht Ráth Chairn/Baile Ghib maidir le cur chun cinn na fiontraíochta agus forbairt acmhainní sa gceantar.

### Pleanáil Teanga

Is iad Comharchumann Ráth Chairn Teo. an cheanneagraíocht atá i mbun oibre ar réiteach phlean teanga do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Ráth Chairn agus Baile Ghib. Táthar ag súil go mbeidh an plean teanga réidh le cur faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi dheireadh mhí Mhárta 2018.

## **Gaeltacht Chiarraí**

Cruthaíodh 64 post nua i nGaeltacht Chiarraí in 2017. Cruthaíodh na poist nua seo i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú in earnáil na déantúsaíochta den chuid is mó. Dhún roinnt comhlachtaí beaga le linn na bliana i réimse an bhia/dí agus bhí cailiteanais éagsúla eile ar scála níos lú i réimse na déantúsaíochta. Glanmhéadú 17 post san iomlán a bhí i gceist in 2017. Bhí 688 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana.

Is ábhar dóchais é gur ceadaíodh líon tograí i rith na bliana ina mbeidh 38 post nua á gcruthú agus infheistíocht iomlán €2.1 milliún á déanamh iontu nuair atá na forbairtí beartaithe faoi lán seoil. Is in earnálacha na déantúsaíochta, bia & dí agus ceardaíochta is mó a bheidh na tograí bunaithe.

### Mol Digiteach 'Mol Teic' an Daingin

Mar thoradh ar chomhoibriú idir Comhlacht Pobalbhunaithe, Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Chiarraí le tacaíocht ó Eir bunaíodh an mol digiteach 'Mol Teic' i nDaingean Uí Chúis i rith 2017. Is togra pobalbhunaithe é atá á stiúradh ag coiste áitiúil agus tá dul chun cinn láidir déanta aige mar fheithicil forbartha eacnamaíochta ó bunaíodh é. Tá súil ag an mol 200 post a chruthú i gCorca Dhuibhne thar thréimhse cúig bliana agus tá maoiniú ceadaithe agus tacaíocht láidir curtha ar fáil ag Údarás na Gaeltachta agus ag Comhairle Contae Chiarraí don togra le linn 2017. Cheadaigh Fiontraíocht Éireann deontas suntasach i mí na Nollag 2017 chun feidhmeannach forbartha don togra a fhostú. Lena chois sin, tá an comhlacht dírithe ar thogra chun féidearthachtaí forbartha an tseanospidéil i nDaingean Uí Chúis a chíoradh. An bhunspríoc a bheadh ag torthaí an staidéir ná go mbeadh plean cuimsitheach ar fáil chun lárionad nuálaíochta a bhunú agus a fhorbairt, le fostaíocht bhreise a chruthú sa gceantar. Feidhmeoidh Mol Teic mar chuid de Ghréasán Digiteach na Gaeltachta atá á fhorbairt ag Údarás na Gaeltachta.

### Delpac (Ciarraí Theas)

Tá tacaíocht chaipitil, seirbhísí comhairleoireachta agus margaíochta ceadaithe don chomhlacht Delpac Teo. i mBaile an Sceilg in 2017 chun forbairt a dhéanamh i bPáirc Ghnó an Údaráis i nDún Géagáin, Co. Chiarraí. Cuireadh spás breise ar fáil don chomhlacht chun cabhrú leis a ghnó cupán styrofoam a fhorbairt. Tá an comhlacht nuálaíoch seo tar éis cupáin in-bhithmhíllte a fhorbairt don mhargadh rud atá fíorthábhachtach mar go bhfuil reachtaíocht náisiúnta le teacht i bhfeidhm sna blianta amach romhainn a chialleoidh go gceadófar cupáin in-bhithmhíllte amháin a tháirgeadh don mhargadh. Tá 19 duine lánaimseartha fostaithe sa gcomhlacht faoi láthair agus de réir na spriocanna nua ón gcomhlacht beidh 30 fostaithe go lánaimseartha aige faoi 2020.

### Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh

Bunaíodh agus seoladh Tascfhórsa Idirghníomhaireachta náisiúnta in 2017 chun aghaidh a thabhairt ar an meath suntasach atá tagtha ar dhaonra Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus chun athbheochan a dhéanamh ar an gceantar chun fiontraíocht agus infheistíocht a mhealladh

ann. Ba é an tAire Stáit do Thurasóireacht agus Spóirt Brendan Griffin, TD, a sheol an tascfhórsa i gcomhlúadar laoch peile Chiarraí Pat Spillane, atá ina Ambasadóir ar an bPlean Gníomhaíochta Tuaithe, agus Mícheál Ó hÉanaigh, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta.

Is í an aidhm atá leis an Tascfhórsa Idirghníomhaireachta ná plean gníomhaíochta trasearnála a fhorbairt do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus leithinis Uíbh Ráthaigh go ginearálta. Déanfar na hacmhainní a theastódh lena chur i bhfeidhm a leagan amach sa bplean seo agus tá an tionscnamh seo ina chuid lárnach de Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe an Rialtais. Tá sé beartaithe go mbeidh an plean gníomhaíochta trasearnála do cheantar Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh críochnaithe taobh istigh de thréimhse sé mhí agus tá sraith cruinnithe tionólta ag an tascfhórsa ó seoladh é. Tá an tascfhórsa déanta as gníomhaireachtaí éagsúla an Rialtais, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Comhairle Contae Chiarraí, Fáilte Éireann, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Fiontraíocht Éireann, Oifig Fiontair Áitiúil Chiarraí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, agus Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas Teo. Tá ionadaíocht láidir ag gnóthaí áitiúla agus grúpaí forbartha pobail ar an tascfhórsa chomh maith.

#### Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 80 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

#### Pleanáil Teanga

Is é Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. an Cheanneagraíocht atá ag réiteach phlean teanga LPT Chiarraí Thiar. Táthar ag súil go mbeidh an plean teanga réitithe le cur faoi bhráid na Roinne in Earrach 2018. Is iad Comhchoiste Ghaeltachtaí Chiarraí Theas Teo. an Cheanneagraíocht a bhí i mbun ullmhú plean do LPT Chiarraí Theas agus tá an plean teanga sin curtha faoi bhráid na Roinne.

Roghnaíodh An Lab Teo. le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú do BSG Dhaingean Uí Chúis agus tá an eagraíocht ag ullmhú an phlean teanga i gcomhar leis an bpobal faoi láthair agus ag súil lena chur faoi bhráid na Roinne in earrach 2019.

### **Gaeltacht Chorcaí**

Cruthaíodh 34 post nua i nGaeltacht Chorcaí in 2017. Nuair a thógtar an líon post a cailleadh san áireamh glanmhéadú de 9 bpost san iomlán a bhí i gceist. Bhí 684 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh na bliana.

Ceadaiódh líon tograí i rith na bliana 2017 ina mbeidh 63 post á gcruthú agus infheistiúocht de €5.2 milliún á déanamh nuair atá na forbairtí beartaithe sin faoi lán seoil. Is sna hearnálacha bia, déantúsaíochta agus seirbhísí atá na príomhfhorbairtí atá beartaithe.

Ceadaíodh tacaíocht do Firebird Teo. i rith 2017 chun tabhairt faoi thaighde & forbairt ar a réimse táirgí agus ar dhéantúsaíocht ina ngnó chomh maith.

Tá rath ar chúrsaí bia agus dí i nGaeltacht Mhúscraí le dornán de bhlianta agus gradaim náisiúnta bainte amach ag 9 Fia Bán, Folláin agus comhlachtaí eile as cur lena réimsí táirgí i rith na bliana.

Bhí bliain den scoth arís ag an gcomhlacht Táirgí Cáise Buabhall Mhaigh Chromtha i gCill na Martra. Ní amháin go raibh an príomhaí, Johnny Lynch, ina réalta ar fhógra teilifíse don chomhlacht Aldi ach d'éirigh leis an gcomhlacht Gradam Óir Cáise Domhanda a bhaint amach don dara bliain as a chéile. Tá méadú suntasach beartaithe acu ar an ngnó le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta de bharr feabhas an táirge agus an tóir atá ar a gcuid cáise, agus súil acu an fhostaíocht a dhúbailt laistigh de thrí nó cheithre bliana.

### Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 22 duine fostaithe ar scéimeanna sóisialta tuaithe i nGaeltacht Mhúscraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### Pleanáil Teanga

Is é Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. a bhí i mbun ullmhúcháin ar phlean teanga do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Mhúscraí. Cuireadh críoch leis an obair ar an bplean teanga agus cuireadh faoi bhráid na Roinne é i mí Dheireadh Fómhair. A luaithe agus atá faomhadh na Roinne faighte, beifear ag súil le tabhairt go fonnmhar faoi chéimeanna feidhmiúcháin an phlean teanga.

Tá Comharchumann Chléire Teo. ag ullmhú Plean Teanga do LPT Chléire agus táthar ag súil go mbeidh an phlean teanga réidh le cur faoi bhráid na Roinne in earrach na bliana seo chugainn.

## **Gaeltacht Phort Láirge**

Cruthaíodh 10 bpost nua i nGaeltacht Phort Láirge le linn na bliana agus nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh bhí glanmhéadú 9 bpost i gceist. Bhí 138 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh na bliana. Is i réimsí na scannánaíochta agus na mara is mó a bhí na méaduithe post.

### Na Déise sa Teach Bán

Bhí cliantchomhlacht de chuid an Údaráis os comhair an domhain mhóir sa Teach Bán ar Lá Fhéile Pádraig 2017. Ceardaí Gaeltachta, Eamonn Terry ó Chriostal na Rinne a rinne an babhla criostail inar bhronn an Taoiseach, Enda Kenny, seamróg ar Uachtarán Stáit



Aontaithe Mheiriceá Donald J. Trump sa Teach Bán i Washington, Déardaoin, 16 Márta 2017.

Is iad Criostal na Rinne, atá lonnaithe i nGaeltacht Phort Láirge ó 1987, a roghnaigh Oifig an Taoisigh in 2017 chun babhla criostail a dhéanamh agus is é Eamonn Terry, úinéir Criostal na Rinne, a dhear agus a ghearr an babhla de láimh. Bhí dearadh an bhabhla bunaithe ar Leabhar Cheanannais agus d'éirigh leis an gcomhlacht go leor poiblíochta agus cáile a tharraingt orthu féin de bharr feabhas a gcuid oibre. Tá obair mhór déanta ag an gcomhlacht ar chúrsaí margaíochta agus díolacháin le bliain anuas agus cuireadh faighte acu dul i mbun taispeántais ag an iliomad imeachtaí gnó.

### Pleanáil Teanga

Is é Comhlucht Forbartha na nDéise Teo. an Cheanneagraíocht a réitigh plean teanga do LPT Na nDéise. Cuireadh críoch leis an obair agus cuireadh an plean teanga faoi bhráid na Roinne i mí Dheireadh Fómhair. Beifear ag súil le tabhairt faoi chéimeanna feidhmiúcháin an phlean teanga sin nuair atá faomhadh na Roinne faighte chuige sin.

### **Críoch**

Eolas breise: Páid Ó Neachtain, Feidhmeannach Caidrimh Phoiblí, Údarás na Gaeltachta – 091 503111 / 087 3012510 / pon@udaras.ie